Athchúrsáil Cadhnraí

Is iomaí bealach gur féidir leat seanchadhnraí a athchúrsáil pé áit i gContae Mhaigh Eo a bhfuil tú.

Tá ábhar contúirteach i gcadhnraí agus níor chóir dá bhrí sin iad a chaitheamh sa ghnáthbhosca bruscair riamh.

- Is féidir cadhnraí a fhágáil ag díoltóir cadhnraí ar bith a dhíolann an cineál céanna cadhnraí. Coinnigh súil amach don bhosca gorm cadhnraí i do shiopa áitiúil.
- Is féidir cadhnraí a fhágáil ag imeachtaí athchúrsála fearas leictreonach de chuid WEEE Éireann, a eagraítear chuile bhliain ar fud an chontae.
- Tá go leor pobal ag baint úsáide as na caighin athchúrsála a chuireann WEEE Éireann ar fáil chun cadhnraí agus fearais leictronacha a bhailiú go háitiúil.
- Is féidir cadhnraí a fhágáil ag oifigí Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar an Meal i gCaisleán an Bharraigh, nó ag aon cheann den dá Ionad Fóntais Pobail de chuid na Comhairle Contae – Doire an Iomaire nó Ráth Ruaín.

Tá an t-eolas ar fad faoi athchúrsáil cadhnraí i gContae Mhaigh Eo ar fáil ar:

http://www.weeeireland.ie/collections/